2023/2531

24.11.2023

CINNEADH (AE) 2023/2531 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 24 Deireadh Fómhair 2023

cinn aonaid oibre a ainmniú chun cinntí tarmligthe a ghlacadh gan cur i gcoinne bearta macrastuamachta atá beartaithe ag údaráis inniúla náisiúnta nó ag údaráis ainmnithe náisiúnta (BCE/2023/26)

Tá Bord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 11.6 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2023/2530 ón mBanc Ceannais Eorpach an 28 Meán Fómhair 2023 maidir le tarmligean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh gan cur i gcoinne bearta macrastuamachta atá beartaithe ag údaráis inniúla náisiúnta nó ag údaráis ainmnithe náisiúnta (BCE/2023/24) ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2004/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun aghaidh a thabhairt ar líon suntasach na gcinntí atá le glacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) chun a chúraimí macrastuamachta a chomhlíonadh, bunaíodh nós imeachta chun cinntí tarmligthe sonracha a ghlacadh gan cur i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe ag údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) ná ag údaráis ainmnithe náisiúnta (ÚNAnna).

(2) Tagann cinneadh tarmligin in éifeacht ach a nglacann an Bord Feidhmiúcháin cinneadh lena n-ainmnítear ceann aonaid oibre chun cinntí a dhéanamh ar bhonn cinneadh tarmligin.

(3) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin an tábhacht a bhaineann leis an gcinneadh tarmligin agus an líon ÚINanna nó na ÚNAnna a dtabharfar fógra dóibh maidir le cinntí tarmligthe a chur san áireamh agus cinn aonaid oibre á n-ainmniú aige.

(4) Foráiltear le hAirteagal 10(1) de Chinneadh BCE/2004/2 go ndéanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinneadh maidir le líon, ainm agus inniúlacht faoi seach gach aonaid d'aonaid oibre BCE.

(5) Chuathas i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta maidir le cinn na n-aonad oibre ar cheart an chumhacht chun cinntí a ghlacadh chucu gan cur i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe ag ÚINanna nó ag ÚNAnna a tharmligean chucu,

TAR ÉIS AN CHINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe:

Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag an sainmhíniú ar 'bearta macrastuamachta beartaithe' in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/2530 (BCE/2023/24).

([1]) IO L, 2023/2530, 24.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2530/oj.
([2]) IO L 80, 18.3.2004, lch. 33.

Airteagal 2

Cinntí tarmligthe gan cur i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe ag údaráis inniúla náisiúnta nó ag údaráis ainmnithe náisiúnta

Glacfaidh Ard-Stiúrthóir nó Leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Beartas Macrastuamachta agus um Chobhsaíocht Airgeadais cinntí tarmligthe de bhun Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2023/2530 (BCE/2023/24) agus glacfaidh Ard-Stiúrthóir nó Leas-Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Mhaoirseachta Chothrománaigh ar Líne iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 24 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE